Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chultúr agus um Oideachas

2023/2018(INI)

13.7.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le cur chun feidhme Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2021-2027
(2023/2018(INI))

An Coiste um Chultúr agus um Oideachas

Rapóirtéir: Michaela Šojdrová

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Beata Kempa, An Coiste um Fhorbairt

PR_INI_TuarascáilCurChunFeidhme

CLÁR

Leathanach

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN – ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ.....3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 12

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.....18

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN – ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ

1. Réamhrá

Déantar scrúdú sa tuarascáil seo ar chur chun feidhme chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha 2021-2027, lena gcumhdaítear na blianta 2021 go 2023. Tháinig an clár i gcomharbacht ar chlár na Seirbhíse Deonaí Eorpaí (EVS), a bhí mar chuid de Erasmus + go dtí 2018. Ansin cuireadh an clár thrí thréimhse phíolótach trí bliana mar an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2018-2020.

Is clár suaitheanta de chuid an Aontais le haghaidh saorálaíochta é an clár neamhspleách reatha. Cuireann sé pointe iontrála aonair ar fáil do ghníomhaíochtaí saorálaíochta do dhaoine óga ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin agus is eispéireas saibhrithe é i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla agus na foghlama neamhfhoirmiúla.

Thairis sin, d'fhorbair sé ó bheith ag díriú go hiomlán ar shoghluaisteacht foghlama saorálaithe go clár a dhíríonn ar an dlúthpháirtíocht agus ar thionchar an phobail. Tar éis an tsaoil, is léiriú ar an dlúthpháirtíocht í an tsaorálaíocht, agus is léir go dtéann sí chun tairbhe don tsochaí, don rannpháirtíocht shibhialta agus don tsaoránacht ghníomhach, ach is deis í freisin do rannpháirtithe scileanna agus inniúlachtaí ábhartha a fhorbairt.

An staid mar atá i Rialachán 2021/888: *'Deartar an Clár chun deiseanna nua a chur ar fáil do dhaoine óga chun gníomhaíochtaí saorálaíochta a dhéanamh i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht, agus chun tionscadail dlúthpháirtíochta a cheapadh agus a fhorbairt ar a dtionscnamh féin. Leis na deiseanna sin, rannchuidítear le feabhas a chur ar fhorbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil na ndaoine óga.'*

Cuirtear in iúl sa tuarascáil seo cur chun feidhme leanúnach chuspóirí agus ghníomhaíochtaí an chláir, agus béim á leagan ar an rath ar an gclár agus ar na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le deiseanna dlúthpháirtíochta a chur ar fáil do dhaoine óga.

Faoi chuimsiú na hoibre ar an tuarascáil cur chun feidhme, d'eagraigh an rapóirtéir cruinniú le geallsealbhóirí an 23 Bealtaine 2023. Ar an iomlán, thug 11 gheallsealbhóir aiseolas, lena n-áirítear Gníomhaireachtaí Náisiúnta (NAnna), eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Taobh amuigh den chruinniú, fuair an rapóirtéir roinnt ráiteas i scríbhinn ó eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu leis an gclár.

Bhain an rapóirtéir úsáid freisin as staidéar EPRS (dá ngairtear 'staidéar EPRS' anseo feasta) agus as staidéar arna choimisiúnú ag an Roinn Beartais um Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe (dá ngairtear 'an staidéar' anseo feasta), ina ndéantar meastóireacht ar chur chun feidhme luath an chláir.

2. Comhthéacs chur chun feidhme an chláir

Mar thoradh ar ghlacadh déanach CAI 2021-2027 agus an Rialacháin lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i mí na Bealtaine 2021, cuireadh moill ar an gcur chun feidhme, ós rud é nach raibh mórán eagraíochtaí in ann tionscadal a thíolacadh le linn shamhradh 2021. Thairis sin, cuireadh moill ar a dtionscadail ó 2019 agus 2020 go 2021 mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Go deimhin, bhuail géarchéim COVID-19 gné shoghluaisteachta an chláir– rinneadh roinnt gníomhaíochtaí a atreorú chuig timpeallacht ar líne, ach b'éigean go leor socrúchán a chur ar ceal.

Léiríodh breisluach agus teacht aniar an chláir in 2022 le hionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus le sreabhadh na ndídeanaithe a bhí ag teitheadh ón gcogadh dá bharr. Chuir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus Erasmus+ deiseanna ar fáil chun gníomhaíochtaí a athdhíriú chun tacú le daoine a athlonnaíodh ón Úcráin. Thug an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach tosaíocht speisialta bheartais isteach chun cur le fóirithint/cúnamh do dhídeanaithe ón Úcráin. Leis sin, bhíothas in ann raon feidhme agus gníomhaíochtaí thionscadail leanúnacha an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (Tionscadail Saorálaíochta agus Tionscadail Dlúthpháirtíochta) a oiriúnú, ar bhonn deonach, don chuspóir sin. Thairis sin, le go leor tionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh, tugadh aghaidh ar shraith teagmhas adhaimsire agus tubaistí nádúrtha le linn 2021 agus ar aghaidh.

D'ainneoin na mbacainní, bhí Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ina thairseach uathúil don dlúthpháirtíocht Eorpach agus ina uirlis chun pobail a thógáil, ós rud é gur ghlac go leor saorálaithe páirt i ngníomhaíochtaí saorálaíochta le linn na paindéime nó i ngníomhaíochtaí chun cabhrú le dídeanaithe ón Úcráin. Is amhlaidh is dearbhú é sin gur fíorchlár Eorpach é an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach lena gcuirtear bealach ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin reatha agus chun dul i ngleic le géarchéimeanna.

3. Cuspóirí agus gníomhaíochtaí

Is é is cuspóir ginearálta an Chláir rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí a fheabhsú i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta atá inrochtana agus ar ardcháilíocht, an tsaorálaíocht go príomha, mar mhodh chun comhtháthú, dlúthpháirtíocht, daonlathas, féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach a neartú san Aontas agus níos faide i gcéin, lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha agus dúshláin dhaonnúla ar an láthair, agus béim ar leith á leagan ar an bhforbairt inbhuanaithe, an cuimsiú sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

Is é cuspóir sonrach an chláir deiseanna atá inrochtana go héasca a sholáthar do dhaoine óga, lena n-áirítear daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a mbíonn athruithe dearfacha ar an tsochaí san Aontas agus níos faide i gcéin mar thoradh orthu, agus a dhéanann, ag an am céanna, a gcuid inniúlachtaí a fheabhsú agus a bhailíochtú go cuí, agus a rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha a éascú freisin.

Chuige sin, bunaítear leis an gclár dhá shraith gníomhaíochtaí:
(a) an tsraith maidir le 'rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta'; and
(b) an tsraith maidir le 'rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil' ('an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil').

Is éard atá i gceist le gníomhaíochtaí faoin gcéad sraith ná saorálaíocht, lena n-áirítear Foirne Saorálaíochta i Réimsí Ardtosaíochta, agus tionscadail dlúthpháirtíochta. Tá gníomhaíochtaí comhpháirteacha de ghníomhaíochtaí líonraithe (NET) agus bearta cáilíochta agus tacaíochta sa dá shraith.

Is ag an gCoiste DEVE Pharlaimint na hEorpa, a d'fhoilsigh a thuairim ar an ábhar, atá an inniúlacht maidir leis an dara sraith.

Tá cur síos sa tuarascáil ar an gcaoi a bhfuil na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí á gcomhlíonadh. Tá an mheastóireacht cur chun feidhme bunaithe ar chomparáid a dhéanamh idir cuspóirí an chláir agus na torthaí a baineadh amach, agus táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla á n-úsáid ag an am céanna. Is éard atá i gceist leis na táscairí sin na figiúirí oifigiúla arna soláthar ag an gCoimisiún Eorpach (CE), go háirithe AS EAC agus AS BUDG, staidéir agus meastóireacht agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara éagsúla.

4. Gníomhaíochtaí Dlúthpháirtíochta

De réir an Ráitis ar Fheidhmíocht an Chláir ó AS BUDG lena gcumhdaítear an tréimhse go dtí an 31 Eanáir 2023, tá foráil sa chlár maidir le deiseanna a chur ar fáil do 185 755 duine óg ar a laghad idir 2021 agus 2027. Is líon athbhreithnithe é sin i gcomparáid leis na 270 000 deiseanna a measadh a bheadh ann ag tús an chláir in 2020. Léirigh beagnach 330 000 duine óg spéis le linn an chéad dá bhliain. D'ainneoin na ndeacrachtaí tosaigh agus na ngéarchéimeanna ina dhiaidh sin, bhronn an clár deiseanna do níos mó ná 42 903 duine óg in 2021-2022, as an beagnach 80 000 duine a chuir iarratais isteach. Tá spéis mhór ag daoine óga sa chlár agus tá sí ag dul i méid.

Is le haghaidh gníomhaíochtaí fadtéarmacha a bhíonn thart ar 85 % de na deiseanna oibre saorálaíochta a thugann Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Ba é 65 % an meastachán tosaigh don fhadtéarma agus 35 % don ghearrthéarma. Bíonn gníomhaíochtaí fadtéarmacha níos déine ó thaobh acmhainní de. Míníonn sé sin, in éineacht le boilsciú agus ardleibhéil rannpháirtíochta daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, líon níos ísle na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí gearrthéarmacha i gcomparáid leis an líon a measadh ar dtús.

Déanfar machnamh sna codanna seo a leanas ar an staid sin agus ar ghnéithe eile den chlár maidir le gníomhaíochtaí cláir aonair, infheictheacht agus cur chun feidhme an bhuiséid. Tugtar forléargas tuairisciúil i ngach cuid ar a bhfuil bainte amach agus ar na dúshláin ar cheart dul i ngleic leo.

4.1. Saorálaíocht

Tá an ghníomhaíocht sin fós ar an gceann is mó tóir i measc na hiarratasóirí, agus bronnadh deiseanna ar 27 507 rannpháirtí léi in 2021-2022.

Ar cheann de na príomhthosaíochtaí beartais tá daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh. In 2021, ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme atá dírithe ar rannpháirtíocht níos cuimsithí agus níos éagsúla sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus i gcláir Erasmus+ don tréimhse 2021–2027. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1877, ba cheart go gcuirfí ar chumas níos mó daoine obair shaorálaíochta a dhéanamh ina dtír chónaithe nó i dtír eile, trí dhul i dteagmháil le líon méadaitheach daoine ar lú na deiseanna atá acu.

Ba é 14 060 líon iomlán na rannpháirtithe ar lú na deiseanna a bhí acu i dtionscadail a bronnadh faoi ghlaonna 2021/2022, le saorálaíocht ag 8 622 dhuine aonair agus ag 5 438 bhFoireann Saorálaíochta. Is airde na figiúirí sin ná an a bhí beartaithe ar dtús le gné chuimsitheach an chláir agus is cruthú iad go bhfuil an clár fíorchuimsitheach. Ar an iomlán ba dhaoine óga ar lú na deiseanna a bhí acu iad 35 % de na rannpháirtithe in 2021 agus in 2022.

Ba cheart iarrachtaí breise a dhéanamh chun an clár a dhéanamh níos cuimsithí, trí bhreathnú a dhéanamh ar na moltaí a sainaithníodh i Moladh 2022/C 157/01 ón gComhairle maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh.

Is féidir le daoine óga páirt a ghlacadh san oiread Foirne Saorálaíochta agus is mian leo. Mar sin féin, tá an tsaorálaíocht aonair teoranta do 12 mhí ar a mhéad. Ba cheart breathnú ar chur chuige níos solúbtha agus níos cuimsithí, amhail straitéis inar féidir le rannpháirtithe tíortha, ábhair nó taithí a mheascadh agus a mheaitseáil, in ionad í a bheith teoranta do shoghluaisteacht fhadtéarmach amháin. Chuirfeadh an cur chuige cuimsitheach sin níos mó deiseanna ar fáil dóibh siúd nach féidir leo tabhairt faoi thréimhse ama níos faide.

Tá na heagraíochtaí seolta (tacaíochta) lárnach agus ríthábhachtach do na céimeanna ullmhúcháin agus leantacha. In Eolaire an Chláir, sainítear a ról mar seo a leanas: tacú le rannpháirtithe, iad a ullmhú agus/nó oiliúint a chur orthu sula n-imeoidh siad, idirghabháil a dhéanamh eatarthu féin agus a n-ósteagraíochtaí agus/nó tacú le rannpháirtithe tar éis dóibh filleadh óna ngníomhaíocht chomh maith le bainistiú agus comhordú tionscadal a dhéanamh.

Is cur síos doiléir an teideal ‘eagraíocht tacaíochta’ ar an ról agus ar na freagrachtaí. Moladh amháin is ea iad a ainmniú mar ‘eagraíochtaí seolta’ (mar a rinneadh sa tSeirbhís Dheonach Eorpach roimhe seo) agus a rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí saorálaíochta a dhéanamh éigeantach.

Is gníomhaíocht láraithe é an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, a chloíonn le loighic atá éagsúil ón tsaorálaíocht dhíláraithe. Mar thoradh ar na himthosca éagsúla sin, tá go leor mearbhaill ann i measc na dtairbhithe. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí gníomhaíochtaí agus cumarsáid na saorálaíochta díláraithe agus láraithe araon a ailíniú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr.

I measc nithe eile, tá gá le réiteach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin víosaí d’oibrithe saorálaíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ó thíortha nach bhfuil i limistéar Schengen, toisc nach féidir le hósteagraíochtaí tacú leis na hoibrithe saorálaíochta víosaí a fháil. Ba cheart go n-áireofaí leis sin cúnamh airgeadais agus dlíthiúil do thréimhsí saorálaíochta lena mbaineann náisiúnaigh tríú tír, daoine óga ó Thíortha Clár Erasmus+ agus ó Thíortha Comhpháirtíochta, chomh maith le dídeanaithe óga. Réiteach féideartha amháin is ea catagóir speisialta víosaí a fhorbairt lena ngabhfadh nós imeachta mear agus saor in aisce do rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

4.2. Tionscadail Dlúthpháirtíochta

Cláraíodh treocht dhearfach sna tionscadail dlúthpháirtíochta i ngach ceann de na ceithre réimse tosaíochta: cuimsiú agus éagsúlacht; an claochlú digiteach; rannpháirtíocht sa saol daonlathach; cosaint an chomhshaoil, forbairt inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide. Is é 1948 líon iomlán na dtionscadal ar bronnadh orthu in 1948 agus 1877 in 2022. Is é 12 548 líon na n-oibrithe saorálaíochta ar bronnadh orthu idir 2021 agus 2022.

Tionscnaíodh go leor tionscadal freisin le linn phaindéim COVID-19, ag díriú, mar shampla, ar na grúpaí is leochailí nó ag cothú úsáid uirlisí digiteacha. Thairis sin, cláraíodh suim mhéadaithe i dtionscadail a chuidíonn le dídeanaithe ón Úcráin. Ar deireadh, bhí líon suntasach tionscadal tiomnaithe freisin don chomhshaol agus don athrú aeráide (397), do scileanna glasa (267), don daonlathas agus don rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach

(200).

In ainneoin na treochta sin, is lú go fóill an spéis atá ag saorálaithe i dtionscadail dlúthpháirtíochta toisc go bhfuil an fheasacht ar na tionscadail sin sách íseal freisin (féach 6.1.).

Tugadh chun solais freisin leis an aiseolas a fuair na geallsealbhóirí gur líon ró-ard é cúigear ar a laghad le haghaidh tionscadail dlúthpháirtíochta. D'fhéadfaí é sin a réiteach tríd an tairseach a ísliú go triúr nó ceathrar sa chéad chlárthréimhse eile. Ina theannta sin, creideann roinnt eagraíochtaí go bhféadfaí an teorainn aoise íosta do thionscadail dlúthpháirtíochta (intíre) a ísliú go 16, ar an ábhar, i gcás gníomhaíochtaí rannpháirtíochta don aos óg Erasmus+, go socraítear an teorainn ag 13 bliana d'aois fiú.

4.3. Gníomhaíochtaí líonraithe

Is é is gníomhaíochtaí líonraithe (NET) ann ná gníomhaíochtaí tacaíochta atá dírithe ar chur chun feidhme an Chláir a fheabhsú i dtéarmaí cáilíochtúla agus ar naisc níos dlúithe a chothú le forbairtí beartais. Príomhfhoinse measúnaithe is ea an anailís thiomnaithe ó SALTO lena gcumhdaítear na blianta 2020-2022.

Bunaithe ar an bhfaisnéis ón mBord Pleanála, is léir go bhfuil na gníomhaíochtaí atá beartaithe roinnte go cothrom, ag cumhdach clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i gcoitinne, Tacaíochta Cáilíochta agus Cáilíochta, Scileanna agus forbartha inniúlachtaí. Tá freastal ró-íseal á dhéanamh fós, áfach, ar roinnt príomhghníomhaíochtaí ábhair: an claochlú digiteach, gníomhú ar son na haeráide agus an inbhuanaitheacht, agus rannpháirtíocht na hóige.

Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar na gníomhaíochtaí sin go príomha, ós rud é gur ghá an chuid is mó acu a reáchtáil ar líne. Ar thaobh amháin, d'éirigh leis an aistriú agus bhí na gníomhaíochtaí gaolmhara níos solúbtha dá bharr. Ar an taobh eile, d'éirigh go mór leis na gníomhaíochtaí ar líne chun na rannpháirtithe a choinneáil spreagtha agus tiomanta. In aon chás, léirigh an staid dhúshlánach solúbthacht NAnna agus oifigeach NET chun dul in oiriúint do dhúshláin gan choinne.

4.4. Bearta cáilíochta agus tacaíochta

Tá aird shuntasach á tarraingt le tamall anuas ar na bearta cáilíochta agus tacaíochta, ós rud é go gcinntíonn siad ardcháilíocht na ngníomhaíochtaí agus na gcoinníollacha saorálaíochta do na rannpháirtithe. Áirítear ar na bearta sin go príomha lipéid cháilíochta (tá 3 987 n-eagraíocht ann a bhfuil lipéad cáilíochta acu), árachas, deiseanna foghlama teanga, córas tacaíochta TF agus Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

Tá uirlisí éifeachtacha agus éifeachtúla ríthábhachtach chun an clár a chur chun feidhme. Ar an iomlán, ní mór feabhas a chur ar fheidhmiú uirlisí TF, agus ní mór nósanna imeachta a shimpliú chun go n-éireoidh leis an gclár.

Dearbhaítear na conclúidí sin sa staidéar a rinneadh, ina measann 55 % de na NAnna nach bhfuil uirlisí TF don phróiseas iarratais éasca a úsáid. Thairis sin, mheas 45 % de na NAanna go ndéanann na huirlisí TF próiseas iarratais na dtairbhithe níos casta. Cláraíodh figiúirí comhchosúla freisin i measc na ngeallsealbhóirí i gcoitinne.

Tá saincheisteanna leanúnacha agus fabhtanna in uirlisí TF, e.g. an córas Tacaíochta Teanga ar Líne (OLS). Tá an córas OLS riachtanach, mar go n-ullmhaíonn sé na saorálaithe dá dturas thar lear. I ndáil leis an méid sin, ní leor líon agus cáilíocht na gcúrsaí i roinnt teangacha, agus tá lochtanna fós ar an aistriú chuig Acadamh an Aontais Eorpaigh agus ní mór athbhreithniú a dhéanamh air. Dá bhrí sin, níor mheas ach 6.5 % de na geallsealbhóirí i gcoitinne a ceistíodh don suirbhé go raibh OLS ag cur feabhas ar eolas ar theangacha, agus mheas os cionn 50 % acu nach raibh sé éifeachtach.

Tá roinnt córas ann, amhail PASS, nach bhfuil iomasach agus nach bhfuil feidhmeanna bunúsacha amhail scagadh agus cuardach iarratasóirí féideartha ag gabháil leo; ba cheart uirlis sórtála agus scagtha níos fearr a chur ar fáil chun deis a thabhairt d'eagraíochtaí iarrthóirí a roghnú. Tá fadhbanna teicniúla ag baint leis an Modúl Tairbhithe freisin, amhail rochtain theoranta ar thuarascálacha na rannpháirtithe.

Tá simpliú le déanamh fós ar an Lipéad Cáilíochta nua (QL), go háirithe an próiseas iomlán chun an QL a fháil. Go háirithe, ba cheart an fhoirm iarratais a ghiorrú agus a shimpliú, agus ba cheart í a bheith ar fáil i ngach teanga AE. Thairis sin, d'fháilteodh eagraíochtaí roimh spriocdhátaí níos minice agus roimh thréimhse níos giorra chun athchreidiúnú a dhéanamh. Tá tuilleadh sonraí ag teastáil maidir le cé acu ar theip nó nár theip ar roinnt eagraíochtaí an lipéad a chur i bhfeidhm an athuair agus/nó an lipéad a fháil i gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe seo.

Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach go n-aithneofaí torthaí foghlama (Youthpass) ó thaithí na hoibre saorálaíochta. Moltar an taithí a thaifeadadh in Europass freisin, agus institiúidí ardoideachais a spreagadh chun creidiúintí ECTS a bhronnadh as taithí na hoibre saorálaíochta, amhail í siúd a dhéantar faoi chuimsiú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Trí thorthaí foghlama, cáilíochtaí, scileanna gairmiúla agus scileanna saoil a aithint, is féidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach rannchuidiú go héifeachtach le spriocanna uileghabhálacha an Limistéir Eorpaigh Oideachais.

5. Saorálaíocht um Chabhair Dhaonnúil

Rinneadh Clár AE um Shaorálaithe Cabhrach a bhí ann roimhe seo a chomhtháthú i gclár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh 2021-2027, agus rinneadh athruithe suntasacha ar a dhearadh ionas go bhféadfadh sé a bheith ina shraith ar leithleach: an Cór Saorálach Eorpach Um Chabhair Dhaonnúil. Tá an Coiste DEVE freagrach as measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na sraithe daonnúla. Tá an clár ar fáil do dhaoine óga idir 18-35 bliana d'aois, ar feadh tréimhse idir 2 mhí agus 12 mhí nó do dhaoine i bhfoirne ó 15 go 60 lá. Tá buiséad 2023 socraithe ag EUR 6.8 milliún. Chláraigh snáithe na Cabhrach Daonnúla os cionn 59 000 léiriú spéise faoi mhí Iúil 2023, agus an grúpa daoine óga idir 18 agus 23 bliana d'aois ba mhó a léirigh spéis.

Tá an tsraith dhaonnúil fós ag céim luath dá cur chun feidhme. I mí na Nollag 2022, síníodh comhaontuithe deontais leis an gcéad 11 chuibhreannas a roghnaíodh; amhail ó mhí an Mhárta 2023, cuireadh na chéad saorálaithe lánoilte ar fáil agus bhí na chéad imscarthaí ar an láthair i mí an Mheithimh 2023. Ar na cúiseanna sin, ní féidir ach measúnú páirteach a dhéanamh ar an snáithe.

Is í an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin (EACEA) a dhéanann an próiseas oiliúna saorálaithe a lárú agus a bhainistiú. Tá trí chéim ann: féinmheasúnú, oiliúint ar líne trí Acadamh an

Aontais Eorpaigh, agus oiliúint cúig lá i bpearsa. Níl leithdháileadh na n-áiteanna i bpróiseas na gcúrsaí oiliúna teoranta do thréimhse ama ar leith, ach, mar thoradh ar mhéid n an-iarratas gan choinne a fhaightear anois, ní féidir glacadh ach le 'iarratasóirí tapa' chun rochtain a fháil ar an oiliúint i bpearsa. Mar gheall ar neamhdhóthanacht an bhuiséid i gcomparáid leis an méid na spéise, tá teorainn le líon na háiteanna don oiliúint i bpearsa, rud a fhágann go mbíonn tréimhse feithimh suas le 6 mhí ann idir an oiliúint ar líne agus an oiliúint i bpearsa, rud a chuireann moill ar imscaradh.

Ina theannta sin, tá thart ar dhá thrian de na tionscadail a roghnaíodh do 2023 don tsraith dhaonnúil dírithe ar an bhforbairt. Bhí an staid sin mar an gcéanna cheana féin sa chlár a bhí ann roimhe agus a bhí á bhainistiú ag AS ECHO. Tá gá le cur chuige daonnúil níos cothroime maidir le roghnúcháin amach anseo;

6. Tuilleadh saincheisteanna agus moltaí

6.1. Infheictheacht

Mar is amhlaidh i gcás aon chláir nua neamhspleách de chuid an Aontais, tá saincheisteanna infheictheachta le sárú ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Tá go leor míthuiscintí ann agus tá gá le soiléireacht i measc rannpháirtithe féideartha. Bíonn an clár á mheascadh le Erasmus+ agus le cláir eile. Thairis sin, is minic gur doiléir an difríochtaí idir an clár agus scéimeanna deonacha eile.

In ainneoin na n-easnamh a bhí ann ar dtús maidir lena chur chun feidhme, tá ardéileamh i measc daoine óga ar an gclár, go háirithe le haghaidh gníomhaíochtaí saorálaíochta, ós rud é go bhfuil an buiséad tógtha isteach go hiomlán ag na tionscadail sin.

Tar éis dhá bhliain den chlár a bheith ar siúl, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chumas an chláir tacú le daoine óga ina gcuid gníomhaíochtaí. Tá an t-éileamh níos airde dírithe ar ghníomhaíochtaí saorálaíochta fadtéarmacha, atá níos costasaí, agus is lú an spéis a chuirtear i ngníomhaíochtaí gearrthéarmacha (tionscadail dlúthpháirtíochta).

Tá gá le feabhas a chur ar chur chun cinn agus ar chumarsáid faoin gclár agus faoi na tairbhí breise a bhaineann leis, mar shampla, trí fheachtais náisiúnta spriocdhírithe don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, don chlár neamhspleách agus dá ghníomhaíochtaí, amhail saorálaíocht agus tionscadail dlúthpháirtíochta, chun aitheantas leathan a bhaint amach mar atá i gcás Erasmus+.

Ba cheart infheictheacht do ghníomhaíochtaí gearrthéarmacha a fheabhsú agus ba cheart tacú léi i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, le NAnna agus le heagraíochtaí saorálaíochta.

Bealach chun infheictheacht níos fearr a bhaint amach is ea Bliain Eorpach na hOibre Deonaí a dhéanamh de 2025, mar a moladh le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa agus mar a mhol eagraíochtaí éagsúla. Neartódh an tionscnamh sin an bhéim ar shaorálaíocht, rannpháirtíocht ghníomhach shibhialta, agus d'ardódh sé feasacht faoin gclár.

6.2. Buiséad

Is clár nua fós é an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Tá buiséad tiomnaithe níos mó ná EUR 1 bhilliún aige do CAI 2021-2027, ach tá sé sách beag i gcomparáid le buiséad Erasmus+. Ina

ainneoin sin, bhí rannpháirtíocht sa chlár níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús, agus tá gá le cistiú cuí dó.

Tá próifíl réasúnta líneach agus chothrom ag an mbuiséad foriomlán EUR 1,033 billiún do 2021-2027. Agus uasmhéid 20 % ann le haghaidh saorálaíocht intíre, is 94 % a bheidh i ndáileadh táscach an bhuiséid do thionscadail saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta agus 6 % don tsaorálaíocht faoin gCór um Chabhair Dhaonnúil. Tá na línte buiséid sin á gcomhlíonadh.

Bhí roinnt dúshlán ann sa chéad dá bhliain de chur chun feidhme an bhuiséid: glacadh déanach an bhunúis dlí don chlár, paindéim COVID-19, ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus rátaí arda boilscithe san Aontas.

Iarratas coiteann ó na NAanna go léir, ó eagraíochtaí deonacha agus ó pháirtithe leasmhara eile ba ea ar mhéadú a dhéanamh ar an mbuiséad bliantúil, ar airgead póca, agus ar chaiteachas buiséadach eile chun airgeadas leordhóthanach a áirithiú chun an clár a bhainistiú.

De réir an staidéir, níl ach 30 % de NAanna sásta leis an mbuiséad foriomlán atá ar fáil ina dtír féin, agus ní raibh roinnt den chuid eile sásta ná míshásta (20 %), bhí roinnt acu beagán míshásta (25 %) nó an-mhíshásta (25 %). Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó geallsealbhóirí i gcoitinne sách diúltach.

Dá bhrí sin, is é an tsaincheist is práinní atá ann ná an buiséad a leithdháiltear ar an gclár a mhéadú. Is léir nach féidir an t-ardéileamh ar ghníomhaíochtaí fadtéarmacha níos costasaí, ardú ar phraghsanna mar gheall ar bhoilsciú agus gnéithe buiséadacha eile den chlár a shásamh laistigh de bhuiséad an chláir reatha agus laistigh dá rátaí comhréidhe.

I ndáil leis an méid sin, tugadh isteach athbhreithniú ar chostais aonaid dheontais 2023, agus is díol mór sásaimh é sin. Mar sin féin, tá saincheist ann fós faoin treocht maidir le ráta comhréidh do na blianta ina dhiaidh sin. Ní mór níos mó a bheith ann ná na rátaí comhréidhe a tugadh isteach le haghaidh tacaíocht eagraíochtúil agus airgead póca, go háirithe i bhfianaise an bhoilscithe atá ag ardú.

Léiríonn sonraí atá ar fáil ón gcéad dá bhliain den chlárthréimhse reatha éileamh an-ard agus ráta ionsúcháin 100 % a bhaineann le leibhéil arda ró-shuibscríofa. Fiú an bhliain 2022, ina ndearnadh breisiú EUR 3 mhilliún do ghníomhaíochtaí Bhliain Eorpach na hÓige, tháinig sí chun deiridh agus an buiséad feidhmithe 100 % i ngealltanais. Is féidir a bheith ag súil leis na chéad torthaí ar íocaíochtaí ag deireadh 2023.

Tá líon na ndaoine ar féidir tacú leo leis an mbuiséad atá ar fáil níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Is é is cúis leis sin go príomha deighilt mhíchothrom idir gníomhaíochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha (féach 4, 6.1.), i bhfianaise an chostais ghearrthéarmaigh (2 sheachtain go 2 mhí), ar an meán, idir 8 n-uaire agus 10 n-uaire níos lú ná soghluaisteachtaí níos faide.

Ba dhíol sásaimh é maoiniú rialta a áirithiú do shealbhóirí lipéid chun críocha pleanála fadtéarmaí, toisc gur gá d'eagraíochtaí slándáil airgeadais a bheith acu, mar shampla gealltanais nó cuótaí socraithe thar roinnt blianta.

Tá gá le tuilleadh sonraí maidir leis an uasteorainn maoinithe reatha le haghaidh costais chomhordaithe d'eagraíochtaí. D'iarr geallsealbhóirí go méadófaí an uasteorainn maoinithe

reatha, ionas go mbeidh an clár níos tarraingtí d'eagraíochtaí agus líonraí níos mó.

Thairis sin, mhol siad freisin gur cheart go mbeadh íosmhéid ann a d'íocfadh ósteagraíochtaí lena gcomhpháirtí/lena n-eagraíochtaí seolta, mar shampla chun ullmhú, oiliúint, nó gníomhaíochtaí eile a eagrú.

Is léir go bhfuil gá le glaonna níos lárnaithe chun leas a bhaint as acmhainneacht eagraíochtaí agus líonraí Eorpacha sa chlár. D'iarr na heagraíochtaí sin go mbeadh deontais shonracha láraithe ann arna mbainistiú ag EACEA ionas gur féidir leo agus a líonraí iarratas a dhéanamh ar thionscadail aonair saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta. Níor cheart a iarraidh ar eagraíochtaí agus líonraí den sórt sin, ar de chineál uile-Eorpach iad, a dtionchar áitiúil ar iarratais láraithe ar dheontais a chruthú.

Tá neamhréireachtaí i measc na nGníomhaireachtaí Náisiúnta maidir leis an gcaoi a láimhseálann siad iarratais, rud a chuireann tuilleadh le fadhbanna buiséadacha. Ba cheart tuilleadh solúbthachta a áirithiú freisin trí Ghníomhaireachtaí Náisiúnta a bheith in ann cistí nár úsáideadh a aistriú, laistigh de na teorainneacha a fhorchuirtear leis na Rialacháin Airgeadais.

Ar an iomlán, is léir go bhfuil cistiú leordhóthanach ag teastáil leis an gclár chun freastal ar an líon mór rannpháirtithe agus chun feabhas a chur ar a chuid gníomhaíochtaí agus tacaíochta.

7. Conclúid

Tar éis trí bliana de chur chun feidhme, tá sé tábhachtach díriú ar fhaireachán, aird a tharraingt ar fhadhbanna agus meastóireacht a dhéanamh ar na chéad torthaí. Is clár uathúil de thionscadal deonach agus dlúthpháirtíochta Eorpach é an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Tá sé réasúnta nua freisin, agus dá réir sin, tá roinnt easnamh ann i roinnt réimsí.

Mar sin féin, tá sé róluath meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht na clárthréimhse 2021-2027 ar fad. Tá an t-athbhreithniú meántéarma CAI atá ar na bacáin le tabhairt chun críche faoi dheireadh 2024 agus déanfar machnamh ann ar na réimsí fadhbanna thuasluaite den chlár agus tabharfar aghaidh ar na réimsí sin ar bhealach leordhóthanach agus rachfar i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile.

I dtreo na chéad tréimhse eile den chlár, ba cheart roinnt gnéithe nua a mheas freisin, amhail meascán agus rogha na saorálaíochta meaitseála, saorálaíocht ar líne/cumasc, cur chuige níos cuimsithí agus níos solúbtha agus níos lú maorlathais.

D'fhéadfadh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bheith ar an uirlis is rathúla de chuid an Aontais don dlúthpháirtíocht agus don tsaorálaíocht. Dá réir sin, beidh buiséad leordhóthanach ag teastáil leis chun freastal ar na hionchais agus ar an éileamh.

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le cur chun feidhme Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2021-2027
(2023/2018(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165(4), 166(4) agus 214(5) de,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, a dhaingnigh AE in 2010,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1288/2013[2] (‘Erasmus+’),

– ag féachaint do na Treoirlínte cur chun feidhme: Straitéis Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh um Chuimsiú agus Éagsúlacht, a foilsíodh an 29 Aibreán 2021,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh[3],

– ag féachaint don rún ón gComhairle agus ó ionadaithe de chuid na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 5 Meitheamh 2019, lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialachas idirphlé óige an Aontais Eorpaigh – Straitéis AE i leith na hÓige, 2019-2027[4],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal The European Green Deal [An Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019)0640),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Comhionannas Inscne 2020-2025’ (COM(2020)0152),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Iúil 2020 dar teideal ‘European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience’[Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don

[1] IO L 202, 8.6.2021, lch. 32.
[2] IO L 189, 28.5.2021, lch. 1.
[3] IO C 157, 11.4.2022, lch. 1.
[4] IO C 189, 5.6.2019, lch. 1.

athléimneacht] (COM(2020)0274),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas 2020-2025’ (COM(2020)0565),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 dar teideal ‘Digital Education Action Plan 2021-2027 – Resetting education and training for the digital age’ [Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 – Athshocrú a dhéanamh ar oideachas agus oiliúint don ré dhigiteach] (COM(2020)0624),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 maidir le Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025 (COM(2020)0625),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Samhain 2011 dar teideal ‘Action plan on Integration and Inclusion 2021-2027’ [Plean gníomhaíochta maidir le Lánpháirtiú agus le Cuimsiú 2021-2027] (COM(2020)0758),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiúin an 3 Nollaig 2020 maidir leis an bplean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach (COM(2020)0790),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 dar teideal The European Pillar of Social Rights Action Plan [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] (COM(2021)0102),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 dar teideal EU strategy on the rights of the child [Straitéis AE maidir le cearta an linbh] (COM(2021)0142),

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2022)[5],

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2023/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le Bliain Eorpach na Scileanna[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le bearta éifeachtacha chun clár Erasmus+, clár Eoraip na Cruthaitheachta agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a ‘ghlasú’[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Feabhra 2021 maidir leis an tionchar atá ag COVID-19 ar an óige agus ar an spórt[8],

– ag féachaint don rún uaithi an 6 Aibreán 2022 maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí oideachais saoránachta[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2022 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhunú faoi 2025 - micridhintiúir, cuntais foghlama aonair agus foghlaim le

[5] IO L 462, 28.12.2021, lch. 1.
[6] IO L 125, 11.5.2023, lch. 1.
[7] IO C 385, 22.9.2021, lch. 2.
[8] IO C 465, 17.11.2021, lch. 82.
[9] IO C 434, 15.11.2022, lch. 31.

haghaidh timpeallacht inbhuanaithe[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 23 Meitheamh 2022 maidir le cur chun feidhme bearta cuimsithe laistigh de chlár Erasmus+ 2014-2020[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Meán Fómhair 2022 maidir leis an tionchar a bhí ag dúnadh gníomhaíochtaí oideachais, cultúrtha, óige agus spóirt ar leanaí agus ar dhaoine óga in AE i ngeall ar COVID-19[12],

– ag féachaint do rún uaidh an 24 Samhain 2022 maidir le Leagáid Bhliain Eorpach na hÓige 2022[13],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) de chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas agus Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gCinneadh sin,

– ag féachaint do thuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (A9-0000/2023),

A. de bhrí gur clár neamhspleách é an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach atá ceaptha deiseanna nua a chur ar fáil do dhaoine óga chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí saorálaíochta i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht, chomh maith le tionscadail dlúthpháirtíochta a cheapadh agus a fhorbairt;

B. de bhrí, mar gheall ar ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, gur cheart breisluach féideartha Eorpach a chur ar fáil, dul chun tairbhe do phobail agus forbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil na rannpháirtithe a chothú; de bhrí gur eispéireas saibhrithe i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla agus na foghlama neamhfhoirmiúla í an tsaorálaíocht, laistigh den Aontas agus lasmuigh de;

C. de bhrí nach raibh tionchar ag éifeachtaí phaindéim COVID-19 ar an spéis sa chlár, ach gur leagadh béim leo ar a acmhainneacht agus gur chruthaíodh leo a thábhachtaí atá rannpháirtíocht daoine óga ar an láthair i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear saorálaíocht chumaisc;

D. de bhrí gur chuir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach deiseanna ar fáil chun gníomhaíochtaí a athdhíriú chun tacú le daoine atá ag teitheadh ón Úcráin agus chun gníomhaíocht speisialta beartais a thabhairt isteach chun rannchuidiú le fóirithint agus cúnamh do dhídeanaithe ón Úcráin;

E. de bhrí go bhfuil bearta cáilíochta agus tacaíochta bunriachtanach chun gníomhaíochtaí saorálaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil; de bhrí go bhfuil go leor deacrachtaí roimh na bearta sin; de bhrí go bhfuil uirlisí éifeachtacha agus éifeachtúla ríthábhachtach do chur chun feidhme an chláir;

[10] IO C 479, 16.12.2022, lch. 65.
[11] IO C 32, 27.1.2023, lch. 58.
[12] IO C 125, 5.4.2023, lch. 44.
[13] IO C 167, 11.5.2023, lch. 83.

F. de bhrí go bhfuil infheictheacht an chláir fós sách íseal; de bhrí léiríodh gur dheis uathúil í Bliain Eorpach na hÓige in 2022 chun infheictheacht an chláir a fheabhsú;

G. de bhrí go bhfuil sé beartaithe leis an gclár deiseanna a chur ar fáil do 185 755 duine óg ar a laghad faoi 2027, agus maoiniú bronnta leis go dtí seo ar bheagnach 43 000 duine óg as an 80 000 a chuir iarratais isteach; de bhrí go ndéanann 85 % de rannpháirtithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh iarratas ar ghníomhaíochtaí saorálaíochta fadtéarmacha, i gcomparáid leis an meastachán tosaigh de 65 % ar shaorálaíocht fhadtéarmach agus 35 % ar shaorálaíocht ghearrthéarmach;

H. de bhrí gur ar cheann de na príomhthosaíochtaí beartais tá daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh; de bhrí, in 2021-2022, gur bhain 14 060 rannpháirtí leis an gcatagóir sin, rannpháirtí ar bronnadh áiteanna ar 8 622 acu mar shaorálaithe aonair agus ar bronnadh áiteanna ar 5 438 acu ar fhoirne saorálaíochta;

I. de bhrí gur mó an t-ardéileamh ar an gclár ná na hacmhainní airgeadais a leithdháiltear air, rud a dhéanann difear mór do rannpháirtíocht daoine óga agus do ííon na dtionscadal ar bronntar cistiú orthu;

J. de bhrí go bhfuil próifíl ráta comhréidh ag an mbuiséad foriomlán EUR 1.033 billiún do 2021-2027 agus nach féidir leis freastal ar an ardéileamh, ar na costais mhéadaitheacha a bhaineann le maireachtáil, ar rátaí boilscithe agus ar dhúshláin eile;

1. á mheabhrú don Choimisiún, do na Ballstáit, do na gníomhaireachtaí náisiúnta (NAnna) agus d'eagraíochtaí saorálaíochta clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chur chun feidhme agus a fhorbairt i gcomhréir leis na bearta agus na gníomhaíochtaí a sainaithníodh dó, agus ag an am céanna, cuidiú le nósanna imeachta a shimpliú agus le hinfheictheacht a fheabhsú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar NAnna malartú rialta dea-chleachtas a neartú, comhthuiscint ar nósanna imeachta an chláir a fheabhsú, comhar a dhoimhniú agus cur chun cinn an chláir a fheabhsú; á chur i bhfáth gur cheart do na geallsealbhóirí ábhartha uile a bheith rannpháirteach i gcomhairliúchán rialta maidir le hábhair a thagann faoina n-inniúlacht;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit, ar NAanna agus ar eagraíochtaí rannpháirteacha feasacht a mhúscailt maidir leis an gclár agus a shraitheanna aonair, a bhranda a fhorbairt tuilleadh agus teagmháil a dhéanamh le níos mó daoine óga, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna atá acu;

4. á chreidiúint, de thairbhe chomóradh 10 mbliana an chláir atá ar le teacht in 2026 agus na féidearthachta go ndéanfaí 2025 a ainmniú mar Bhliain Eorpach na nOibrithe Deonacha, gur cheart go gcuirfí feabhas breise ar infheictheacht na saorálaíochta agus ar infheictheach na ndeiseanna le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach don óige;

5. ag tabhairt dá haire gur lú an spéis a chuirtear i dtionscadail dlúthpháirtíochta agus nach bhfuil siad chomh feiceálach céanna, rud a mbíonn dáileadh neamhchothrom buiséid mar thoradh air; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar NAanna agus ar eagraíochtaí saorálaíochta gníomhaíochtaí gearrthéarmacha a chur chun cinn;

6. ag tabhairt dá haire go bhfuil riachtanais agus treochtaí sóisialta daoine óga ag athrú; á

iarraidh ar an gCoimisiún formáidí nua saorálaíochta a fhiosrú agus a fhorbairt don chéad chlárthréimhse eile, amhail saorálaíocht pháirtaimseartha, saorálaíocht fhíorúil nó saorálaíocht chumaisc, agus buiséad leordhóthanach a chur ar fáil do rannpháirtithe agus d'eagraíochtaí;

7. á chreidiúint go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le gníomhaíochtaí intíre do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu; á iarraidh ar an gCoimisiún an teorainn aoise agus an líon éigeantach de chúigear rannpháirtithe in aghaidh an tionscadail dlúthpháirtíochta a ísliú do ghníomhaíochtaí intíre sa chéad chlárthréimhse eile, ag leanúint shampla ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige Erasmus+;

8. ag aithint go bhfuil eagraíochtaí tacaíochta ríthábhachtach chun saorálaithe a ullmhú, ach ag tabhairt dá haire go bhfuil a ról fós doiléir; á iarraidh ar an gCoimisiún ról tacaíochta sonrach na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a aithint agus a neartú, dreasachtaí airgeadais a sholáthar dóibh agus a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí saorálaíochta a dhéanamh éigeantach;

9. á chur in iúl gur geal léi nádúr cuimsitheach an chláir agus na treoirlínte cur chun feidhme dá straitéis um éagsúlacht agus cuimsiú; á iarraidh ar an gCoimisiún breathnú a dhéanamh ar chur chuige níos solúbtha agus níos cuimsithí a ghlacadh maidir le saorálaíocht aonair, lena gcuirfí ar chumas rannpháirtithe tíortha, réimsí gníomhaíochta agus taithí a mheascadh agus a mheaitseáil chun an clár a dhéanamh níos cuimsithí;

10. ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil na huirlisí agus na córais dhigiteacha a úsáidtear faoi láthair chun an clár a bhainistiú agus a chur chun feidhme ag obair i gceart agus go bhfuil leas iomlán á bhaint astu agus á iarraidh air dul i ngleic, gan mhoill, leis na saincheisteanna tromchúiseacha leanúnacha le huirlisí TF an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, ar bac suntasach iad ní hamháin ar rannpháirtíocht eagraíochtaí beaga agus daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, ach ar rannpháirtíocht gach cineáil tairbhithe freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún an próiseas le haghaidh uirlisí TF a shimpliú agus é a chur ar fáil do gach grúpa, agus uirlisí TF a thástáil ar scála sách mór sula gcuirfear i bhfeidhm iad a thuilleadh; ag tabhairt dá haire go raibh fadhbanna den chineál céanna le huirlisí TF ag Erasmus+ agus ag cláir eile atá maoinithe ag an Aontas;

11. ag tathant ar an gCoimisiún feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht na tacaíochta teanga ar líne do rannpháirtithe, uirlisí sórtála agus scagtha níos fearr a chomhtháthú sa chóras riaracháin agus tacaíochta maidir le socrúcháin, an próiseas iarratais ar an lipéad nua cáilíochta a shimpliú agus a ghiorrú, spriocdhátaí athchreidiúnaithe níos minice a shocrú agus an t-am agus an t-ualach riaracháin a bhaineann le hathchreidiúnú a laghdú;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leathnú an aitheantais fhrithpháirtigh ar thorthaí foghlama ó ghníomhaíochtaí saorálaíochta a éascú trína gclárú in Europass agus trí institiúidí ardoideachais a spreagadh chun creidmheasanna a dhámhachtain faoin gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna (creidmheasanna ECTS) do na gníomhaíochtaí sin;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit catagóir speisialta víosaí a thabhairt isteach do rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ó thíortha nach bhfuil i limistéar Schengen, toisc nach féidir le hósteagraíochtaí cabhrú leo víosaí a fháil;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit buiséad leordhóthanach a sholáthar don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bheidh in ann freastal ar spéis mhéadaitheach sa chlár agus a cheadú dó aghaidh a thabhairt ar dhúshláin gan choinne, amhail boilsciú atá ag ardú agus costais mhaireachtála níos airde;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna buiséadacha eile, amhail neamhréireachtaí idir NAnna agus iarratais á láimhseáil, trí dheontais shonracha láraithe a bhunú, arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr, do thionscadail aonair saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta d'eagraíochtaí agus líonraí Eorpacha, trí íosmhéid a mholadh a íocfaidh ósteagraíochtaí lena gcomhpháirtí/eagraíochtaí tacaíochta, tríd an uasteorainn reatha ar mhaoiniú do chostais chomhordúcháin a bhaint nó a mhéadú agus trí chistiú rialta a áirithiú do shealbhóirí lipéid cháilíochta chun críocha pleanála airgeadais fadtéarmaí; á chreidiúint go gcuideoidh na bearta sin le heagraíochtaí agus le gníomhaireachtaí náisiúnta níos mó deiseanna a chur ar fáil agus acmhainneacht an chláir a fhíorú;

16. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig gníomhaireachtaí náisiúnta agus chuig eagraíochtaí don óige agus eagraíochtaí saorálaíochta.

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an dréacht-tuarascáil á hullmhú aige:

Eintiteas agus/nó duine
An Lárionad um Obair Dheonach Eorpach
Líonra Eagraíochtaí na Seirbhíse Deonaí Eorpaí
Fóram Eorpach na nÓg
Líonra Mac Léinn Erasmus
SALTO-YOUTH
Gníomhaireacht Náisiúnta na Seice um Oideachas agus Taighde Idirnáisiúnta
Jugend für Europa, Gníomhaireacht Náisiúnta na Gearmáine
Lárionad Gdansk na Saorálaithe
Compagnons Batisseurs
The Ecumenical Diaconal Year Network
COMECE